2025/2655

23.12.2025

CINNEADH (AE) 2025/2655 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2025

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Choinbhinsiúin lena mBunaítear an Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212, i gcomhar le h Airteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis thús an chogaidh fhoghaigh gan chúis gan údar atá tugtha ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, sna Conclúidí uaithi dar dáta an 24 Feabhra 2022, cháin an Comhairle Eorpach go láidir an fogha míleata atá Cónaidhm na Rúise á thabhairt faoin Úcráin, agus dhearbhaigh sí go bhfuil freagracht iomlán ar Chónaidhm na Rúise as an bhfogha seo agus as an léirscrios agus an bás go leir atá mar thoradh air, agus go dtabharfar chun cuntais í as a cuid gníomhaíochtaí.

(2) An 14 Samhain 2022, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún A/RES/ES-11/5 inar aithin sé nach mór Cónaidhm na Rúise a thabhairt chun cuntais as aon sárú ar an dlí idirnáisiúnta san Úcráin nó ina coinne. Ina theannta sin, d'aithin sí nach mór do Chónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a cuid gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta uile a sheasamh, lena n-áirítear cúiteamh a íoc as an díobháil, lena n-áirítear aon damáiste, arb iad na gníomhartha sin is cúis léi. I bhfianaise an mhéid sin, d'aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an gá atá le sásra idirnáisiúnta a bhunú, i gcomhar leis an Úcráin, chun damáiste, caillteanas nó díobháil a chúiteamh, a eascraíonn as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine. Chuige sin, mhol Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe go gcruthófaí clár idirnáisiúnta damáiste chun feidhmiú mar thaifead, i bhfoirm dhoiciméadach, ar fhianaise agus ar fhaisnéis maidir le héilimh i leith damáiste, caillteanas nó díobháil do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, agus do Stát na hÚcráine, arb iad gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne is cúis leo, chomh maith le bailiú fianaise a chur chun cinn agus a chomhordú.

(3) An 12 Bealtaine 2023, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa Rún CM/Res(2023)3 lena mbunaítear an Páirt-Chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin.Mar a léirítear saRún sin, is é bunú cláir damáiste an chéad chéim i dtaca le sásra cúitimh idirnáisiúnta a chur ar bun, sásra a bhféadfadh coimisiún éileamh agus ciste cúitimh a bheith san áireamh ann. Dá réir sin, aithnítear i Rún CM/Res (2023)3 go bhfuil sé beartaithe go mbeidh Clár an Damáiste, lena n-áirítear ardán digiteach an chláir, ina mbeidh na sonraí ar fad faoi éilimh agus fianaise arna dtaifeadadh ann, go mbeidh sé ina chuid lárnach den sásra cúitimh atá le bunú le hionstraim idirnáisiúnta ar leithligh i gcomhar leis an Úcráin agus le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha.

(4) Tar éis dó dul isteach i gClár an Damáiste mar Chomhalta Comhlach bunaidh an 11 Bealtaine 2023, d'athraigh sé a stádas an 22 Iúil 2024, go Rannpháirtí lánfheidhme.

(5) An 29 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]), lena ndéantar foráil maidir le cistiú a chur ar fáil do thionscnaimh agus do chomhlachtaí atá ag obair chun tacú leis an gceartas idirnáisiúnta san Úcráin agus leis an gceartas sin a fhorfheidhmiú. Cuimsíonn an cistiú sin, i measc nithe eile, ranníocaíocht airgeadais an Aontais le Clár an Damáiste.

(6) In 2024, thug Oifig Uachtarán na hÚcráine, Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine, Aireacht Gnóthaí Eachtracha Ríocht na hÍsiltíre agus Clár an Damáiste don Úcráin cuireadh do na Stáit a thacaigh le glacadh Rún A/RES/ES-11/5 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe chuig cruinnithe ullmhúcháin maidir le hIonstraim Idirnáisiúnta chun Coimisiún Éileamh don Úcráin a bhunú sa Háig.

([1]) Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

(7) An 17 Márta 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/702 ([2]) lena n-údaraítear an Coimisiún páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le hionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin.

(8) Idir mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair 2025, ghlac thart ar 55 thoscaireacht, lena n-áirítear an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit uile, páirt i gceithre bhabhta caibidlíochta sa Háig. Tionóladh na chéad trí bhabhta faoi chuimsiú an Choiste Caibidlíochta Idir-Rialtasaigh um Chonradh Idirnáisiúnta chun Coimisiún Éileamh don Úcráin a Bhunú ('CCI'), coiste inar malartaíodh tuairimí maidir leis an dréachtchonradh, a thug roinnt léamha ar an téacs i gcrích agus a chuir leaganacha athbhreithnithe de ar fáil ina dhiaidh sin.

(9) Le linn an tríú babhta caibidlíochta i mí Iúil 2025, chinn CCI gur mar Choinbhinsiún de chuid Chomhairle na hEorpa (an 'dréacht-Choinbhinsiún'), a bheadh oscailte freisin do Stáit is Páirtithe nach comhaltaí de Chomhairle na hEorpa iad agus don Aontas Eorpach, a d'fhorbródh sé an Ionstraim Idirnáisiúnta chun Coimisiún Éileamh don Úcráin a Bhunú. Dá réir sin, tionóladh an ceathrú babhta caibidlíochta faoi chuimsiú an chéad chruinnithe den Choiste *Ad hoc* maidir le Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a Bhunú faoi choimirce Chomhairle na hEorpa. Aistríodh obair CCI ina dhiaidh sin chuig creat an Choiste ad hoc, agus leanadh den obair sin faoi chuimsiú an Choiste ad hoc sin, a rinne scrúdú breise ar an dréacht-Choinbhinsiún agus a d'fhormheas go sealadach é, mar aon leis na Rialacha Nós Imeachta i ndáil leis an gComhdháil Taidhleoireachta maidir leis an dréacht-Choinbhinsiún a ghlacadh, an dréacht-Rún lena leagtar síos na socruithe is gá chun tús a chur le feidhmeanna an Choimisiúin Éileamh agus chun a shainordú a chomhlíonadh, agus an dréacht-Ionstraim Chríochnaitheach, le haghaidh a nglactha ag Comhdháil Taidhleoireachta a thionólfar sa Háig an 16 Nollaig 2025. An Coinbhinsiún, an Rún, agus an tuarascáil ar chruinniú na Comhdhála Taidhleoireachta, áireofar san Ionstraim Chríochnaitheach iad i bhfoirm foscríbhinní.

(10) An 22 Deireadh Fómhair 2025, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an dréacht-Choinbhinsiún ar bhonn sealadach d'fhonn agus go ndéanfar é a ghlacadh agus a oscailt lena shíniú ag an gcomhdháil taidhleoireachta dá dtagraítear in aithris 9.

(11) Meastar sa dréacht-Choinbhinsiún gurb é an Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin an dara comhpháirt den sásra idirnáisiúnta cúitimh, atá le teacht i gcomharbas ar Chlár an Damáiste don Úcráin, a n-aistreofar a chuid oibre chuig an gCoimisiún Éileamh a luaithe is féidir tar éis bhunú an Choimisiúin Éileamh sin. Aithnítear sa dréacht-Choinbhinsiún freisin go bhféadfaidh an Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin ciste cúitimh amach anseo a áireamh, mar an tríú comhpháirt, a mbeidh sainordú aige cúiteamh a íoc as damáiste, caillteanas nó díobháil, arb iad gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne is cúis leo.

(12) De bhun Airteagal 30 den dréacht-Choinbhinsiún, tá an Coinbhinsiún ar oscailt lena shíniú ag Ballstáit uile de Chomhairle na hEorpa, ag an Aontas Eorpach, ag aon Stát eile a ghlac páirt sa chomhdháil taidhleoireachta dá dtagraítear in aithris 9, agus ag aon Stáit eile a vótáil i bhfabhar Rún A/RES/ES-11/5 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar dáta.

(13) Tá an tAontas tiomanta go daingean a áirithiú go seasfaidh Cónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a cuid gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear an oibleagáid cúiteamh a íoc as aon damáiste, caillteanas nó díobháil arb iad na gníomhartha sin is cúis leo. Dá bhrí sin, is iomchuí don Aontas an Coinbhinsiún lena mbunaítear an Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin agus a Ionstraim Chríochnaitheach a shíniú, chomh maith le formheas a dhéanamh ar ghlacadh an Rúin lena leagtar síos na socruithe is gá chun tús a chur le feidhmeanna an Choimisiúin Éileamh agus chun a shainordú a chomhlíonadh.

(14) D'fhéadfadh sé go go ndéanfadh an Chomhdháil Taidhleoireachta athruithe foirmiúla nó mionathruithe ar théacsanna an Choinbhinsiúin, na hIonstraime Críochnaithí nó an Rúin. Ar choinníoll nach ndéanfar difear leo do shubstaint na dtéacsanna, ba cheart a údarú don Coimisiún aontú leis na hathruithe sin thar ceann an Aontais, gan cinneadh eile ón gComhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a shíniú, thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin sin ([3]).

([2]) Cinneadh (AE) 2025/702 ón gComhairle an 17 Márta 2025 lena n-údaraítear an Coimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le hionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin (IO L, 2025/702, 8.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/702/oj).

([3]) Foilseofar téacs an Choinbhinsiúin in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Údaraítear leis seo an Ionstraim Chríochnaitheach ón gComhdháil Taidhleoireachta a shíniú, thar ceann an Aontais, chun an Coinbhinsiún sin a ghlacadh.

Formheastar leis seo an Rún lena leagtar síos na socruithe is gá chun tús a chur le feidhmeanna an Choimisiúin Éileamh agus chun a shainordú a chomhlíonadh, thar ceann an Aontais.

Tá an dréacht-Ionstraim Chríochnaitheach agus an dréacht-Rún ón gComhdháil Taidhleoireachta i gceangal leis an gCinneadh seo.

Maidir le hathruithe foirmiúla agus mionathruithe a dhéanfar ar théacsanna an Choinbhinsiúin, na hIonstraime Críochnaithí nó an Rúin arna ndéanamh ag an gComhdháil Taidhleoireachta, ar athruithe iad nach ndéanfar difear leo do shubstaint na dtéacsanna sin, féadfaidh an Coimisiún aontú leo, thar ceann an Aontais, gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a nglacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

AISTRIÚCHÁN

IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH ÓN gCOMHDHÁIL TAIDHLEOIREACHTA CHUN AN COINBHINSIÚIN LENA mBUNAÍTEAR COIMISIÚN IDIRNÁISIÚNTA ÉILEAMH DON ÚCRÁIN A GHLACADH

An Chomhdháil Taidhleoireachta a thionóil Comhairle na hEorpa agus Ríocht na hÍsiltíre go comhpháirteach chun an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a ghlacadh, tionóladh í sa Háig, an Ísiltír, an 15 agus an 16 Nollaig 2025, agus ba [í/é] [ainm] ó [Stát] a bhí ina C[h]athaoirleach uirthi.

Rinne an Chomhdháil Taidhleoireachta breithniú ar théacs a dhréachtaigh an Coiste ad hoc maidir le Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a Bhunú, a tionóladh sa Háig, an Ísiltír, ón 9 go dtí an 12 Meán Fómhair 2025.

Ghlac an Chomhdháil Taidhleoireachta an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin, atá i gceangal leis seo, agus d'oscail sí é lena shíniú.

Ghlac an Chomhdháil Taidhleoireachta Rún agus Tuarascáil freisin, lena ngabhann iarscríbhinní, atá i gceangal leis seo.

Aithníonn an Chomhdháil Taidhleoireachta nach mór do Chónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a cuid gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta a sheasamh, lena n-áirítear cúiteamh a íóc as an díobháil, lena n-áirítear aon damáiste, arb iad gníomhartha den sórt sin is cúis léi.

Molann an Chomhdháil Taidhleoireachta do na rannpháirtithe uile leanúint d'fhéachaint, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar fhoinsí a d'fhéadfadh a bheith ann chun cistiú an chúitimh arna chinneadh agus arna dhámhachtain ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin faoin gCoinbhinsiún a áirithiú.

DÁ FHIANÚ SIN, ghlac an Chomhdháil Taidhleoireachta an Ionstraim Chríochnaitheach seo.

Arna dhéanamh sa Háig, an Ísiltír, an 16 Nollaig 2025, i mBéarla, i bhFraincis agus i Spáinnis, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

AISTRIÚCHÁN

RÚN ÓN gCOMHDHÁIL TAIDHLEOIREACHTA

Tá an Chomhdháil Taidhleoireachta chun an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a Ghlacadh

Tar éis di an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin a ghlacadh;

Ag aithint di an gá atá leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin ('an Coimisiún') a bhunú gan moill mhíchuí agus leis na socruithe is gá a dhéanamh chun tús a chur lena fheidhmeanna agus chun a shainordú a chomhlíonadh,

Tar éis a chinneadh mar a leanas:

1. A iarraidh ar Ríocht na hÍsiltíre an Coimisiún a óstáil ar feadh ré a chuid oibre.

2. A iarraidh ar Chomhairle na hEorpa réamhfhoireann a chur ar bun, le rannpháirtíocht Chlár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, chun ullmhúchán a dhéanamh do láithreacht an Choimisiúin sa Stát óstach. Déanfaidh an réamhfhoireann an méid seo a leanas:

   a. rachaidh sí i dteagmháil le Rialtas an Stáit óstaigh chun:

      i. dréacht-téacs de chomhaontú Stáit óstaigh idir an Stát óstach agus an Coimisiún a ullmhú, lena n-áirítear maidir le hábhair pribhléidí agus díolúintí sa Stát óstach;

      ii. ullmhóidh sí socruithe maidir leis an gCoimisiún a bheith i láthair sa Stát óstach, amhail bearta slándála, aon socruithe praiticiúla agus lóistíochta is gá (amhail suíomh na hoifige), agus ábhair eile a bhaineann leis an óstáil, agus, de réir mar is iomchuí, dréachtdoiciméid maidir leis na saincheisteanna sin a ullmhú ina dhiaidh sin i gcomhairle leis an Stát óstach; agus

   b. ullmhóidh sí tuarascáil ar a chuid oibre, mar aon le haon dréachtdoiciméid, agus cuirfidh sí an tuarascáil faoi bhráid an chéad chruinnithe de Thionól an Choimisiúin;

   c. oibreoidh sí ar bhonn leibhéal oibre;

   d. aistreoidh sí a cuid oibre chuig an gCoimisiún agus cuirfidh sí deireadh lena oibríochtaí tar éis an chéad chruinnithe de Thionól an Choimisiúin.

3. A iarraidh ar Choiste Airí Chomhairle na hEorpa coiste a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Reacht Chomhairle na hEorpa, ar coiste é a fheidhmeoidh mar choiste ullmhúcháin don Choimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin ('an Coiste Ullmhúcháin').

4. Beidh an Coiste Ullmhúcháin comhdhéanta de shínitheoirí Choinbhinsiún Oscailte Chomhairle na hEorpa lena mbunaítear Coimisiún Idirnáisiúnta Éileamh don Úcráin. Féadfaidh an Coiste Ullmhúcháin a chinneadh cuireadh a thabhairt do chomhaltaí agus do bhreathnóirí eile na Comhdhála Taidhleoireachta a bheith ina mbreathnóirí ar an gCoiste Ullmhúcháin.

5. Déanfaidh an Coiste Ullmhúcháin, ag an gcéad chruinniú a bheidh aige, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Choiste a thoghadh, a rialacha nós imeachta a ghlacadh, agus a chlár oibre a chinneadh.

6. Is iad dhá theanga oifigiúla Chomhairle na hEorpa, an Béarla agus an Fhraincis, teangacha oibre an Choiste Ullmhúcháin.

7. Ullmhóidh an Coiste Ullmhúcháin tograí agus socruithe praiticiúla maidir le bunú agus teacht i ngníomh an Choimisiúin, lena n-áirítear na dréachtdoiciméid seo a leanas a bheidh le glacadh ag Tionól an Choimisiúin:

   a. rialacha nós imeachta Thionól an Choimisiúin;

   b. rialacha agus nós imeachta maidir le hainmniú agus toghadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin;

   c. rialacha agus nós imeachta maidir le comhaltaí den Choiste Airgeadais a thoghadh;

   d. buiséad sealadach don chéad bhliain airgeadais den Choimisiún; agus

   e. scála le haghaidh ranníocaíochtaí measúnaithe bliantúla na gComhaltaí.

8. Ullmhóidh an Coiste Ullmhúcháin tuarascáil ar gach ábhar a thagann faoina shainordú agus cuirfidh sé faoi bhráid an chéad chruinnithe de Thionól an Choimisiúin í, agus cuirfidh sé Coiste Airí Chomhairle na hEorpa ar an eolas.

9. Tiocfaidh an Coiste Ullmhúcháin le chéile sa Háig, an Ísiltír. Déanfar aon chostas a eascróidh as na cruinnithe sin a mhaoiniú le ranníocaíochtaí deonacha ó chomhaltaí agus ó bhreathnóirí an Choiste Ullmhúcháin. Íocfaidh ionadaithe comhaltaí agus breathnóirí ar an gCoiste Ullmhúcháin a speansais taistil agus chothaithe féin.

10. Gníomhóidh Ardrúnaíocht Chomhairle na hEorpa mar rúnaíocht don Choiste Ullmhúcháin.

11. Iarrtar ar Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa an Coiste Ullmhúcháin a thionól.

12. Fanfaidh an Coiste Ullmhúcháin ar bun go dtí deireadh an chéad chruinnithe de Thionól an Choimisiúin.